

An Gorta Mór agus Diaspóra na hÉireann

Príomhthoradh Foghlama: 2.7 iniúchadh a dhéanamh ar chúinsí, cúrsa agus iarmhairtí an Ghorta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus fiosrú a dhéanamh ar thábhacht an Diaspóra Éireannaigh.

Torthaí Foghlama Ábhartha Eile: 1.3 suntas a thabhairt don stair chultúrtha trí shuíomhanna agus foirgnimh stairiúla a aithint; agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a ndéantar comóradh ar phearsana, ar eachtraí agus ar shaincheisteanna stairiúla.
1.3, 1.4, 1.6, 2.1, 2.2, 2.3, 2.4, 2.11, 2.12, 3.2, 3.14

Réamhcheacht:

1. Déan liosta de gach rud atá ar eolas agat cheana faoin nGorta Mór.
2. Scríobh cúpla líne a mhíníonn an tslí ar athraigh Plandálacha úinéireacht na talún in Éirinn.
3. Cad as ar tháinig an práta?
4. Cén tslí ar shroich an práta an Eoraip? Cén uair?

Suirbhé ranga: Cuir na ceisteanna seo a leanas sa rang.

1. An itheann tú prátaí?
2. Cé mhéad uair sa tseachtain a itheann tú iad?
3. Cé mhéad práta a itheann tú ag béile?
4. An ólann tú bainne – cén saghas bainne?
5. An maith leat bainne bearrtha (skimmed)?
6. An ólann tú bainne gach lá?
7. An tú an buachaill is sine i do theaghlach?
8. An bhfuil cónaí ort faoin tuath?

An Ghramadach

Comhairigh daoine:

duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr, aon duine dhéag, dáréag, trí dhuine dhéag...

Tasc duitse! Lorg prátaí sa bhaile – cé mhéad práta atá i gceithre chileagram? An bhfuil mála prátaí agaibh sa bhaile – cé mhéad cileagram atá ann? Cé mhéad práta atá i gcileagram prátaí?



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

plandáil/plandálacha	cíos	dubh	cothaitheach/cothaithigh	talmhaíocht
cónaigh	tiarna talún	dúchan	an-chothaitheach	feamainn
neamhchónaitheach	tionónta	dúchasach	leorchothaitheach	triomaithe

Éire *c.* 1840

Bhí Éire roimh an nGorta Mór an-difriúil le hÉirinn an lae inniu. Bhí cónaí ar thromlach na ndaoine faoin tuath agus ba ann a d'oibrigh siad. I measc an phobail, bhí na daoine a raibh a lán talún acu agus iad siúd a raibh beagán talún acu. Féach ar an tábla thíos.

Tiarnaí talún Angla-Éireannacha	Tháinig na tiarnaí talún seo go hÉirinn mar ghealltóirí le linn na bPlandálacha. Go minic, d'fhéach siad orthu féin mar Bhriotanaigh seachas mar Éireannaigh. Le himeacht ama, bhog a lán de na tiarnaí talún ar ais go dtí an Bhreatain ach choimeád siad eastáit ollmhóra, a raibh tithe galánta orthu, in Éirinn. Tugtar tiarnaí talún neamhchónaitheacha orthu mar gheall air sin. Bhí na tithe sin mór – bhíodh 10 seomra iontu, nó níos mó, agus fuinneoga. D'fhostaigh na tiarnaí talún gníomhaire chun an cíos a bhailiú.
Feirmeoirí Tionóntacha Móra	Roimh na Péindlíthe, b'úinéirí talún saibhre Caitliceacha iad cuid mhaith de na feirmeoirí tionóntacha móra. Faoin am sin áfach, bhí talamh ar cíos ag na feirmeoirí sin ó na tiarnaí talún Angla-Éireannacha. Bhí na feirmeoirí tionóntacha go maith as fós. Bhí tithe dhá stór acu, iad déanta as clocha, agus slinnte nó tuí ar an díon. Bhíodh idir ceithre sheomra agus naoi seomra sna tithe. D'fhás siad barra agus bhí ainmhithe acu freisin.
Feirmeoirí Tionóntacha Beaga	B'fheirmeoirí leorchothaitheacha iad na feirmeoirí beaga tionóntacha den chuid is mó. Is é is brí leis sin ná gur fhás siad go leor bia chun a dteaghlaigh a chothú (níor dhíoladar a gcuid barr). Bhíodar cuíosach maith as chomh fada agus a bhí an aimsir go maith. D'íoc siad cíos leis an tiarna talún. D'fhéadfaí iad a dhíshealbhú am ar bith. Bhí a dtithe déanta as clocha nó láib agus bhí idir dhá sheomra agus ceithre sheomra iontu.
Coiteoirí/ Sclábhaithe Talmhaíochta	Ba choiteoirí iad 50% den daonra. Thóg siad píosa beag talún ar cíos. Thóg siad bothán aon seomra, déanta de láib, ar an bpíosa talún. Ba é an cíos ná an obair a rinne siad don tiarna talún, in áit airgead a thabhairt dó (ní raibh airgead acu). D'fhásadar prátaí bliana don teaghlach. Nuair a tháinig an dúchan ar na prátaí, ní raibh an t-airgead acu bianna eile a cheannach. Ba iad sin na daoine ba bhoichte de na boicht. Bhí ní ba mhó coiteoirí i gCúige Mumhan ná in aon chúige eile.



Ba theach é Teach Pháirc Bhéal na mBuillí a bhain le tiarna talún Angla-Éireannach, Mahon. Fuair muintir Mahon an talamh ag Páirc Bhéal na mBuillí tar éis phlandáil Chromail. Fuair an Maor Denis Mahon an t-eastát le hoidhreacht sa bhliain 1845. Bhí fiacha de £30,000 ag an eastát ag an am. Inniu is Iarsmalann Náisiúnta an Ghorta Mhóir í Páirc Bhéal na mBuillí.

Foclóir

an gníomhaire (fir): ***the agent***
iad a dhíshealbhú, iad a chaitheamh as an talamh: ***to evict them***
an coiteoir: ***the cottier***
déanta as clocha agus láib: ***made from stones and mud***
thóg siad bothán aon seomra: ***they built a one room mud hut***
sclábhaí talamhaíochta, fear a d'oibrigh ar an talamh: ***agricultural labourer***
bhí siad de shíor i mbaol a ndíshealbhaithe: ***they were always in danger of eviction***
an léirscrios a rinneadh in Éirinn: ***the destruction in Ireland***
cuíosach maith as: ***fairly well off***
gabháltas/gabháltais: ***píosa talún a bhain le feirm***
Teach Pháirc Bhéal na mBuillí: ***Strokestown Park House***
fuair siad an t-eastát le hoidhreacht: ***they inherited the estate***
bhí fiacha ar an eastát: ***the estate had debts***

Cuardaigh 'Famine Hut Michael Murphy' chun féachaint ar an mbothán a tógadh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh chun comóradh a dhéanamh ar an nGorta Mór agus chun na háiteanna cónaithe, a bhíodh ag daoine ag an am, a fheiceáil. Nó cóipeáil an nasc thíos i do bhrabhsálaí chun teacht air: https://www.youtube.com/watch?v=Mbcg740jchE

Foclóir

- **grán/gráin:** *grain(s)*
- **á lobhadh:** *rotting them*
- **40idí an Ocrais:** *the hungry forties*
- **roinn an feirmeoir an gabháltas:** *the farmer divided the holding (land)*
- **ó ghlúin go glúin:** *from generation to generation*
- **tír thuaithe:** *a rural country*

Cúiseanna leis an nGorta Mór

An Dúchan: Fungas is ea an dúchan, a fhásann ar dhuilleoga prátaí agus plandaí eile, leithéidí trátaí agus gráin, á lobhadh. Scaip an dúchan ó Mheiriceá chuig an Eoraip. Tugtar 40idí an Ocrais ar an tréimhse i stair na hEorpa ach ba í Éire an tír ba mhó a d'fhulaing. Shroich an dúchan Éire sa bhliain 1845 agus scaip sé go tapa in aeráid thais na hÉireann. Sa bhliain sin, scriosadh 30-50% de na prátaí. Nuair a bhuail an dúchan arís in 1846, scriosadh 90% de na prátaí.

Fás an Daonra: Mhéadaigh daonra na hÉireann ó 2.5 milliún in 1750 go 8.5 milliún faoin mbliain 1841.

Úinéireacht na Talún: Faoi na 1840idí, agus mar gheall ar phatrúin lonnaíochta na bPlandálacha agus na bPéindlíthe, bhain 90% de thalamh talmhaíochta na hÉireann leis an mionlach Protastúnach. Mar gheall air sin, ba thionóntaí iad formhór na gCaitliceach. Bhí siad de shíor i mbaol a ndíshealbhaithe.

Roinnt na Talún: Roinn an feirmeoir tionóntach an gabháltas (talamh na feirme) go cothrom idir na mic sa teaghlach. D'éirigh na gabháltais ní ba lú ó ghlúin go glúin dá bharr sin. Agus an daonra ag fás, d'éirigh an méid talún a bhí ag gach feirmeoir tionóntach ní ba lú agus ní ba lú.

Rialú na Breataine: Mar phionós as Éirí Amach 1798, dúnadh an pharlaimint i mBaile Átha Cliath. Cuireadh riail dhíreach ó Shasana i bhfeidhm le hAcht an Aontais. Chiallaigh sé sin go raibh an pharlaimint in Westminster i gceannas go huile is go hiomlán ar chúrsaí in Éirinn ó 1801. Le linn an ama sin, tháinig meath ar thionscail agus ar thrádáil in Éirinn. D'éirigh Éire ní ba bhoichte; ba thír thuaithe í i gcónaí, agus ní raibh mórán den daonra ina gcónaí sna cathracha. Nuair a bhuail an Gorta Mór Éire, ní fhaca rialtas Westminster an léirscrios a bhí á dhéanamh in Éirinn.

Spleáchas ar an bPráta: Cuid den chúis leis an bhfás tapa a tháinig ar an daonra ab ea an práta. D'fhás muintir na hÉireann an lumpar – ba chineál práta é. Bhí sé éasca an práta a fhás ar thalamh lag fiú. As práta amháin, d'fhéadfaí suas le 16 phráta a fháil. Bhí sé seo an-tairbheach do dhaoine nach raibh ach beagán talún acu. Bia an-chothaitheach is ea an práta. Faoi na 1830idí, bhí trian de dhaonra na hÉireann – beagnach 3 mhilliún duine – ag brath ar phrátaí do bhreis agus 90% dá n-iontógáil calraí. Bhí siad spleách ar an bpráta. D'ith na daoine ba bhoichte ar fad béile amháin sa lá i séasúir áirithe. Uaireanta, cuireadh feamainn thriomaithe bheirithe leis na prátaí chun blas breise a chur orthu.

Aiste bia laethúil do choiteoirí sna 1840idí – fear fásta
Bricfeasta: dhá chileagram prátaí agus pionta bainne bearrtha
Béile lár an lae: dhá chileagram prátaí agus pionta bainne bearrtha
Béile tráthnóna: dhá chileagram prátaí agus pionta bainne bearrtha



An Drochshaol – Príomhimeachtaí Chúrsa an Ghorta Mhóir

1845: Boladh sna páirceanna ag tús an fhómhair, sheol rialtas Peel £100,000 d'arbhar Indiach go hÉirinn.

1846: Rialtas nua sa Bhreatain faoi Russell, d'ith na daoine prátaí síl sa gheimhreadh mar nach raibh prátaí acu.

1847: '47 an Áir, clásal Gregory, dúnadh tithe anraith an rialtais i rith an fhómhair.

1848: Éirí Amach na nÉireannach Óg, Acht na nEastát Fiachbháite.

1849: An Bhanríon Victoria ar cuairt, níor theip ar an gcuid ba mhó den fhómhar.

Foclóir

prátaí síl: ***seed potatoes***
tá sliocht Trevelyan: ***Trevelyan's descendant is***
ag smaoineamh ar chúiteamh a íoc: ***thinking of paying compensation***
sin-sin-sin-seanathair: ***great-great-great-grandfather***
cúiteamh a íoc: ***to pay compensation***

An bhfuil a fhios agat?

Tá sliocht Charles Trevelyan, Laura Trevelyan, ag smaoineamh ar chúiteamh a íoc le hÉirinn as ról a sin-sin-sin-seanathair i nGorta Mór na hÉireann. Bhí úineireacht ag muintir Trevelyan ar 1000 sclábhaí blianta ó shin fosta, agus d'ofráil siad cúiteamh £100,000 do theaghlaigh na sclábhaithe sin. Ní raibh Diarmaid Ferriter, ollamh le stair sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ar aon intinn leo áfach. Dúirt sé,"How do you quantify something on that scale and who takes responsibility for it?". Mhol sé ina ionad sin go gcaithfí an t-airgead ar mhúineadh stair na hÉireann sa Bhreatain.





Blianta an Ghorta – An Drochshaol



Baois Hoisé (Hussey's Folly), caisleán a tógadh in aice le Cuan an Daingin, Corca Dhuibhne, mar chuid den scéim oibre poiblí.

1845: Mar a d'fhoghlaimíomar agus cúiseanna an Ghorta Mhóir á bplé againn, ní in Éirinn amháin a theip ar na prátaí; agus in 1845 bhí plé sna nuachtáin ag deireadh an tsamhraidh ar na fadhbanna a bhí ag teacht chun cinn i dtuaisceart na Fraince agus sa Bheilg. Ba sna ceantair chósta a tugadh an dúchan faoi deara ar dtús in Éirinn, agus roimh i bhfad, bhí tuairiscí ó gach cearn den tír ag teacht isteach, inar dúradh go raibh boladh bréan ag teacht ó na páirceanna. An freagra a bhí ag rialtas na Breataine ná £100,000 d'arbhar Indiach a sheoladh go hÉirinn. Faraor, ní raibh a fhios ag muintir na hÉireann conas an t-arbhar a chócaráil go héifeachtach agus dá bhrí sin, tugadh 'Bromastún Peel' ar an arbhar. D'éirigh le muintir na hÉireann géarchéim a sheachaint mar gur tháinig 70% den fhómhar slán.

1846: Cuireadh obair ar fáil do na daoine ba bhoichte sna scéimeanna oibre poiblí a d'eagraigh an rialtas, inar tógadh bóithre agus foirgnimh nua. Fuair daoine eile tearmann i dtithe na mbocht. Cé go raibh tithe na mbocht dírithe ar na daoine ba bhoichte, bhí níos mó ná leath acu lán go béal faoi dheireadh na bliana. Theip beagnach go hiomlán ar an bhfómhar.

Tháinig rialtas nua isteach sa Bhreatain an samhradh sin nach raibh chomh báúil céanna le cruachás na nÉireannach. John Russell ab ainm don Phríomh-Aire nua. Chreid a rialtas i bpolasaí laissez-faire. Is éard a bhí i gceist leis sin ná nár cheart do rialtas cur isteach ar an eacnamaíocht. Chreid an rialtas gur cheart don duine aonair a bheith freagrach as an réiteach ar an nGorta. Anuas air sin, chreid roinnt daoine gur toil Dé (pionós ó Dhia) ba chúis leis an ngorta in Éirinn, agus mar sin nár cheart aon ní a dhéanamh a chuirfeadh isteach ar thoil Dé. Dúirt Charles Trevelyan 'the judgement of God sent the calamity to teach the Irish a lesson.' Ba é a chuir pleananna an rialtais i bhfeidhm in Éirinn.

Chuaigh níos mó ná 100,000 duine ar imirce in 1846. Bhí bia chomh gann sin nach raibh an dara rogha ag na daoine ach a gcuid prátaí síl a ithe. Ní de bharr ocras amháin a tháinig an bás, ach de bharr na ngalar tógálach a tholg siad. Toisc nach raibh mórán bia acu, d'éirigh daoine níos laige, agus tholg siad galair níos éasca, m.sh. tífeas, fiabhras, dinnireacht, calar.


Foclóir

géarchéim a sheachaint: ***to avoid a crisis***
arbhar Indiach, grán buí: ***Indian corn (maize)***
bromastún Peel: ***Peel's brimstone***
d'ainneoin: ***despite***
fuair daoine tearmann: ***people got sanctuary***
báúil: ***sympathetic***
polasaí laissez-faire: ***a hands-off approach***
toil Dé: ***God's will***
bhí bia chomh gann: ***food was so scarce***
galar tógálach: ***infectious disease***
tholg siad: ***they caught (a disease)***
tífeas, galar a tholgann daoine ó dhreancaidí: ***typhus***
dinnireacht, ionfhabhtú sa stéig, a chúisíonn buinneach ina bhfuil fuil agus múcas: ***dysentery***
calar, galar a chúisíonn ionfhabhtú sa stéig. Faigheann go leor daoine bás leis go bliantúil: ***cholera***
ospidéal fiabhrais: ***fever hospital***

Ag obair le foinse físe

Féach ar an bpictiúr seo de theach na mbocht sa Chlochán, agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé mhéad stór a bhí i dTeach na mBocht?
2. Cé mhéad fuinneog, ar a laghad, a bhí ar an urlár uachtarach? Céard a thugann sé sin le fios dúinn faoi mhéid an fhoirgnimh seo?
3. Cad as a raibh an foirgneamh déanta, an gceapann tú?
4. An bhfuil balla timpeall an fhoirgnimh? Cá bhfuil an bealach isteach?



Níl aon rian fágtha de Theach na mBocht sa Chlochán i gContae na Gaillimhe sa lá atá inniu ann. Chuir Arm Phoblacht na hÉireann trí thine é sa bhliain 1922.



Sa phictiúr thuas tá sampla de Theach na mBocht i bPort Omna. Is ionad oidhreachta é sa lá atá inniu ann.

Foclóir

clásal Gregory: ***the Gregory Clause***
an Clochán: ***Clifden***
thréig siad a gcuid tailte: ***they deserted their lands***
'47 an Áir: ***47 of Slaughter, Black 47***
a thugtar air i mBéarla

1847: Níor theip ar an bhfómhar in 1847, ach fómhar an-bheag a bhí ann de bharr go raibh na prátaí síl ite ag na daoine i rith an gheimhridh. D'oscail an rialtas tithe anraith, ach beart sealadach a bhí ann a mhair 6 mhí san iomlán. Thug siad clásal Gregory isteach freisin, inar leagadh síos nach bhfaigheadh aon duine, a raibh níos mó ná ¼ acra talún aige (15% de pháirc sacair), cabhair ón rialtas. An toradh a bhí air sin, ná gur thréig an-chuid coiteoirí agus feirmeoirí beaga a gcuid tailte. Ba í sin an chúis go gcuimhnítear ar 1847 mar '47 an Áir' i stair na hÉireann. In an-chuid ceantar, tógadh ospidéil fiabhrais de bharr go raibh galair ag scaipeadh go han-tapa i measc na ndaoine i dtithe na mbocht. Sna seachtainí ba mheasa de '47 an Áir, fuair suas le duine amháin as gach ceathrar bás i dteach na mbocht.



Maria Edgeworth

1848: Faoi 1848, bhí fadhbanna airgid ag teacht chun solais i measc na dtiarnaí talún de bharr nach raibh cíos faighte acu ó roinnt tionóntaí le cúpla bliain roimhe. Dá bhrí sin, tháinig ardú mór ar an líon daoine a cuireadh amach as a dtithe agus a dtailte. Forbraíodh scéim eisimirce Earl Grey, scéim faoinar cuireadh cailíní idir 14 agus 18 mbliana go dtí an Astráil. Bhris réabhlóidí amach ar fud na hEorpa mar thoradh ar an míshástacht a bhí i measc an phobail. Níor mhair Éirí Amach na nÉireannach Óg níos faide ná cúpla uair an chloig áfach. Tugadh isteach Acht na nEastát Fiachbháite, inar tugadh deis do na tiarnaí talún, a raibh fadhbanna móra airgid acu, a gcuid tailte a dhíol. D'fhoilsigh Maria Edgeworth, údar Angla-Éireannach, leabhar do pháistí 'Orlandino', agus úsáideadh an brabús ó dhíolacháin an leabhair chun cuidiú leis na daoine ba bhoichte. Is féidir an leabhar a léamh ag an nasc seo:
https://www.fadedpage.com/books/20101109/html.php

Foclóir

na hÉireannaigh Óga: ***the Young Irelanders***
Acht na nEastát Fiachbháite: ***the Encumbered Estates Act***
Sabhdán na hImpireachta Otamánaí: ***the Sultan of the Ottoman Empire***

1849: Den chéad uair ó 1844, níor theip ar an gcuid ba mhó den fhómhar. Tháinig an Bhanríon Victoria ar cuairt agus athainmníodh Cóbh ina honóir mar Queenstown. Leanadh ar aghaidh le scéim eisimirce Earl Grey, agus faoi dheireadh na scéime, chuir na húdaráis timpeall 4,000 cailín chun na hAstráile. Cé go raibh cúrsaí ag feabhsú, bhí breis is 250,000 duine fós ina gcónaí i dtithe na mbocht i mí Mheán Fómhair. Fuair leathmhilliún eile cabhair trí na hoibreacha poiblí agus na tithe anraith.

An bhfuil a fhios agat?

Tháinig airgead agus cabhair ó áiteanna ar fud an domhain go hÉirinn i rith bhlianta an ghorta. Ina measc siúd a sheol airgead, bhí Sabhdán na hImpireachta Otamánaí a sheol £1,000 agus an Bhanríon Victoria a sheol £2,000. Ar an lámh eile, áfach, níor sheol James Polk, uachtarán Mheiriceá, ach $50!

Tháinig daoine eile go hÉirinn iad féin chun cuidiú leis an nGorta. Ina measc siúd, bhí an Cunta Strzelecki, Polannach, a chuir bia ar fáil do dhaltaí scoile in iarthar na hÉireann, agus an Meiriceánach Asenath Nicholson, a scríobh roinnt leabhar faoina bhfaca sí anseo.

Cúrsa an Ghorta – ábhair chonspóideacha


Ról na dtiarnaí talún


Cé gur fhan droch-chuimhní i measc na ngnáthdhaoine ar an tslí ar cuireadh amach as a gcuid tithe agus feirmeacha iad, bhí éagsúlacht mhór ann maidir leis an gcaoi a ndeachaigh tiarnaí talún na hÉireann i ngleic leis an ngorta. Mar shampla, thug Dónall Ó Conaill laghdú 50% ar an gcíos a bhí le híoc ag a chuid tionótaí; sheol Iarla Devon £2,000 chuig a eastát i gContae Luimnigh chun cuidiú lena thionóntaí. Thóg tiarnaí talún cónaitheacha céimeanna níos praiticiúla chun teacht i gcabhair orthu, m.sh. bhunaigh Marcas Shligigh teach anraith ar a eastát i gCathair na Mart i gContae Mhaigh Eo agus thug sé gunnaí dá thionóntaí ionas go bhféadfaidís dul ag seilg. Scaip a bhean chéile blaincéid i measc na mbocht.

Ar an lámh eile, áfach, bhí leithéidí an Tiarna Londonderry, a raibh tailte aige i gceithre chontae, nár thug ach £30 don choiste áitiúil faoisimh! Sna blianta díreach i ndiaidh an ghorta, tharla athruithe móra maidir le húinéireacht na talún in Éirinn, a bhuí le hAcht na nEastát Fiachbháite. Féach ar na léaráidí thíos ó dheisceart Chonamara – cad iad na difríochtaí atá le tabhairt faoi deara?

Foclóir

an t-iarla: ***the earl***
Marcas Shligigh: ***the Marquess of Sligo***
Cathair na Mart: ***Westport***
ag seilg: ***hunting***
coiste áitiúil faoisimh: ***local relief committee***
Cumann na gCarad: ***the Quakers***
Súparachas: ***souperism***
fodar, bia d'ainmhithe: ***fodder***
a bhuí le: ***buíochas le***
Acht na nEastát Fiachbháite: ***Encumbered Estates Act***





Ról na nEaglaisí

Baineann conspóid fós le ról na ngrúpaí reiligiúnacha i rith an Ghorta Mhóir. Bhailigh an Eaglais Chaitliceach timpeall £400,000 ó gach cearn den domhan. Bailíodh £200,000 san Eaglais Phrotastúnach i Sasana tar éis don Bhanríon Victoria dhá litir a scríobh, ina ról mar Cheannaire na hEaglaise, inar impigh sí ar an bpobal a bheith flaithiúil maidir le cruachás na hÉireann. Bhailigh Cumann na gCarad níos mó ná £200,000 in Éirinn, sa Bhreatain agus i Meiriceá. Bhunaigh siad tithe anraith agus thug siad síolta agus uirlisí feirmeoireachta do na daoine. Ceaptar go bhfuair cúigear déag den ghrúpa sin bás de bharr a gcuid oibre sa ghorta – uimhir atá mór go leor mar nach raibh ach timpeall 3,000 ball de Chumann na gCarad ar oileán na hÉireann. Níor chuir Cumann na gCarad aon bhrú ar dhaoine iompú ar a gcreideamh féin – rud nach raibh fíor maidir le roinnt sagart ón Eaglais Phrotastúnach in Éirinn, a dhiúltaigh bia a chur ar fáil do dhaoine nach raibh sásta iompú ina bProtastúnaigh. Cuireadh 'Soupers' agus 'Jumpers' orthu siúd a d'iompaigh ina bProtastúnaigh, ach in an-chuid cásanna, d'fhill siad ar an gCaitliceachas sna blianta i ndiaidh an ghorta. Mar sin, bhí an 'súparachas' láidir go leor i roinnt áiteanna, mar shampla sa Daingean (Co. Chiarraí), ar Oileán Acla (Co. Mhaigh Eo) agus in Iomaí (Co. na Gaillimhe). I gcásanna eile, fágadh leanaí ag doras an mhinistir Phrotastúnaigh agus ní raibh an dara rogha aige ach iad a bhaisteadh.

An raibh ganntanas bia in Éirinn in aon chor?

Níorbh é an práta an t-aon fhoinse bhia a bhí in Éirinn i rith bhlianta an ghorta, ach ba é an deacracht ná go raibh an t-arbhar Éireannach le bheith díolta i margadh thar lear, ní in Éirinn, áit a raibh sé ag teastáil. Mar a dúirt Speranza (Lady Jane Wilde) sa dán a scríobh sí in 1847:

'Weary men, what reap ye? Golden corn for the stranger.
What sow ye? Human corpses that wait for the avenger.
Fainting forms, hunger stricken, what see ye in the offing?
Stately ships to bear our food away, amid the stranger's scoffing.'

Tá an chuma ar an scéal gur fhág líon níos airde beostoic (ba, caoirigh, gabhair) Éire sna blianta 1846-50 ná an líon daoine a chuaigh thar lear. Ní hamháin sin, áfach, ach go raibh arbhar Éireannach á sheoladh chomh fada le Nua-Eabhrac in 1847, an bhliain ba mheasa den ghorta ó thaobh ganntanas bia de. Caithfear a chur san áireamh, áfach, gur arbhar geimhridh a bhí ann. Ní féidir arán a dhéanamh leis an arbhar sin go héasca, bíonn sé níos fearr é a dhíol mar fhodar d'ainmhithe.

Rud atá fíor, áfach, ná nár chuir an Bhreatain cosc ar easportáil bia, mar a rinne roinnt tíortha ar an Mór-Roinn i rith '40idí an Ocrais. Bhí deis ag muintir na dtíortha sin an bia, nár easpórtáladh, a ithe iad féin.


Foclóir

- **bhí an tír á bánú:** *the country was becoming deserted, depopulated*
- **na heallaigh:** *the cattle*
- **úinéireacht na talún:** *land ownership*
- **díshealbhaíodh é (aimsir chaite, briathar saor, díshealbhaigh):** *he was evicted*
- **an ghluaiseacht:** *the movement*
- **Conradh na Talún:** *the Land League*
- **bunaitheoir/bunaitheoirí:** *founder(s)*
- **Learpholl:** *Liverpool*
- **an léirscrios céanna:** *the same devastation*
- **rialtas dúchais:** *home rule*
- **modhanna parlaiminteacha:** *parliamentary methods*
- **na daoine bochta:** *the poor people*
- **le lámh láidir:** *with physical force*



Torthaí an Ghorta Mhóir

Meath an Daonra: Fuair 1,000,000 duine bás de dheasca an Ghorta Mhóir. Tharla an líon ba mhó básanna in iarthar na tíre agus sa deisceart.




An Imirce: Chuaigh breis agus 1,000,000 duine ar imirce le linn na tragóide. Lean nós na himirce isteach sa 20ú céad. Mar sin, laghdaigh daonra na hÉireann go mór de dheasca an Ghorta Mhóir. Bhí an tír á bánú le bás agus imirce. Chuaigh imircigh na hÉireann go tíortha a labhair an Béarla den chuid ba mhó, m.sh. an Bhreatain, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil agus an Nua-Shéalainn. Níor shroich daonra an 26 chontae 5 mhilliún duine arís go dtí 2022.

Roinnt na Talún: D'éirigh feirmeoirí tionóntacha as a bheith ag roinnt na talún go cothrom idir na mic sa teaghlach. Ó aimsir an Ghorta ar aghaidh, tugadh an talamh ar fad don mhac ba shine. B'éigean don chuid eile den teaghlach dul ar imirce.

Athruithe san fheirmeoireacht: D'aistrigh feirmeoirí ó bheith ag fás barr go tógáil ainmhithe, eallaigh ach go háirithe.

Athruithe á lorg ar úinéireacht na talún: Meastar gur díshealbhaíodh timpeall ar leathmhilliún duine ar fud na hÉireann le linn bhlianta an Ghorta Mhóir. Mar gheall air sin, tháinig Conradh na Talún chun cinn, gluaiseacht a raibh mar aidhm aici athrú a lorg ar úinéireacht na talún. An mana a bhí acu ná 'Talamh na hÉireann do mhuintir na hÉireann.'



Michael Davitt, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Talún. Rugadh i gContae Mhaigh Eo é sa bhliain 1846. Díshealbhaíodh a mhuintir i rith an Ghorta Mhóir. Chuaigh siad chuig teach na mbocht ar dtús. Nuair a chonaic a thuismitheoirí cén saghas áite a bhí ann, bheartaigh siad a gclann óg a thabhairt ar imirce go Learpholl.

Fuath do Rialú na Breataine: Cé gur scaip an dúchan ar fud na hEorpa, níor fhulaing aon tír eile ar an scála céanna le hÉirinn. Chreid daoine dá mbeadh parlaimint Éireannach ann i rith an Ghorta nach dtarlódh an léirscrios céanna. Thosaigh daoine, leithéidí Charles Stewart Parnell agus John Redmond, ag lorg rialtas dúchais d'Éirinn laistigh d'Impireacht na Breataine. D'úsáid siad an traidisiún parlaiminteach chun rialtas dúchais a lorg.

Chreid daoine eile gur ghá dul níos faide agus saoirse iomlán a fháil ón mBreatain le lámh láidir. D'eagraigh grúpaí éagsúla éirí amach in 1848, 1867 agus 1916.

Meath na Gaeilge: Ainneoin an Béarla a bheith á labhairt sna scoileanna, san Eaglais agus sa rialtas go luath sa 19ú céad, ba theanga í an Ghaeilge a labhair tromlach na ndaoine in Éirinn in aimsir an Ghorta. Ba iad na daoine bochta, na daoine a raibh Gaeilge acu, ba mhó a fuair bás i rith an Ghorta. Ba iad ba mhó a chuaigh ar imirce freisin. Dá bharr sin, tháinig meath ar an nGaeilge i rith an Ghorta Mhóir agus ina dhiaidh. Tar éis an ghorta, scaipeadh an dearcadh gur theanga na mbocht ab ea an Ghaeilge. Cé gur labhair tuismitheoirí Gaeilge leis an mac ba shine, labhair siad Béarla leis an gcuid eile dá bpáistí mar bheadh an teanga sin uathu chun dul ar imirce. Ba bhuille tubaisteach é an Gorta Mór don Ghaeilge.

Thaistil an Ghaeilge ar fud an domhain leis na himircigh a d'fhág an tír. Bunaíodh Gaeltachtaí m.sh. Gaeltacht an Oileáin Úir i gCeanada. Bunaíodh an chéad nuachtán Gaeilge ar domhan, *An Gaodhal*, in Brooklyn, Nua-Eabhrac sa bhliain 1881.



Ceol agus Rince Gaelach: Thaistil ceol agus rince Gaelach ar fud an domhain leis na himircigh freisin. Roimh i bhfad, bhí an rince Gaelach ina chuid de ghnáthchultúr Mheiriceá.

Rinceoirí Gaelacha/Éireannacha mar chuid de mhórshiúl Lá 'le Pádraig ar Fifth Avenue, Nua-Eabhrac.

Tábhacht an Diaspóra Éireannaigh

Cad a chiallaíonn an frása 'an Diaspóra Éireannach'?

Is éard atá i gceist le 'Diaspóra Éireannach' ná (i) Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu thar lear nó (ii) daoine a bhfuil cúlra Éireannach acu, agus a ndeachaigh a sinsir thar lear.

Foclóir

Talamh an Éisc: ***Newfoundland***
ar coraintín: ***in quarantine***
an tOrd Oráiste/na Fir Bhuí: ***the Orange Order***
spré, airgead nó maoin a tugadh do theaghlach cailín a bhí le pósadh: ***dowry***
dearcadh frithÉireannach: ***anti-Irish attitude***
lóistín: ***accommodation***

Réamhcheacht:

1. Cé na tíortha a dtéann Éireannaigh ar imirce chucu go traidisiúnta?
2. Bunaithe ar do fhreagra ar cheist 1 thuas, ainmnigh roinnt daoine cáiliúla, ó na tíortha sin, a bhfuil fuil Éireannach iontu.
3. An ndeachaigh gaolta leat ar imirce? Má chuaigh, cá bhfuil cónaí orthu anois?

Comhthéacs

I stair na hÉireann, d'imigh daoine ar imirce ó Éirinn go minic le cur fúthu i dtíortha ar fud an domhain. Bhíodh Gaeilge á labhairt i dTalamh an Éisc, i Meiriceá Thuaidh, san Astráil agus sa Bhreatain. Tháinig fás ollmhór ar líon na nÉireannach a raibh cónaí orthu thar lear i rith na mblianta i ndiaidh an ghorta. Faoin mbliain 1890, bhí beirt, as gach cúigear a rugadh in Éirinn, ina gcónaí i dtír éigin eile.

Saol na nÉireannach thar lear

An chéad chéim a ghlac daoine a bhí ag iarraidh dul thar lear ná ticéad a cheannach don bhád. I rith bhlianta an ghorta, bhí droch-cháil ar na 'longa báis' a thóg Éireannaigh thar lear mar gur scaip galair thógálacha, m.sh. tífeas agus dinnireacht, orthu. An toradh a bhí air sin ná go gcuirtí Éireannaigh nuathagtha ar coraintín, sula mbíodh cead acu teacht i dtír san áit. Sampla an-cháiliúil de seo is ea Grosse Île i gCeanada. Oileán atá ann, áit ar cuireadh i gcré breis is 3,000 Éireannach a fuair bás de bharr fhiabhras an ghorta.

An chéad dúshlán eile a bhí rompu ná post a fháil, rud nach raibh ró-éasca mar bhíodh dearcadh frithÉireannach i measc pobal go minic. Bhíodh fógraí crochta i gceantair áirithe ar ar dúradh 'no blacks, no dogs, no Irish need apply'; ba dheacair post nó lóistín a lorg faoi na coinníollacha sin. In amhrán a cumadh sna 1860idí, 'No Irish Need Apply', tugadh cur síos ar na dúshláin a bhí roimh imircigh ina dtír nua. Chantaí sa Bhreatain agus i Meiriceá é.


Focloir

a dtoilteanas a bheith ag obair: *their willingness to work*
níor ciontaíodh an dúnmharfóir: *the murderer was found not guilty*

Ba bheag difríocht a bhí idir Éireannaigh agus ainmhithe fiáine, dar le cuid de na pobail sa tír nua. I gcartún cáiliúil magúil san iris 'Punch', rinneadh cur síos ar pholaiteoir Éireannach in Westminster mar 'G O'Rilla.' Bhí fuath ag baill den Ku Klux Klan i Meiriceá ar imircigh Éireannacha de bharr dhá rud: (i) a gcreideamh (dá mba Chaitlicigh iad) agus (ii) a dtoilteanas a bheith ag obair ar rátaí pá ní b'ísle ná Meiriceánaigh seanbhunaithe. Tharla eachtra uafásach in Alabama sa bhliain 1921, inar mharaigh ball den KKK sagart Éireannach, an tAthair James Coyle. Níor ciontaíodh an dúnmharfóir de bharr brú ón KKK. Tá samplaí eile den dearcadh frithÉireannach le feiceáil sa chartún thíos. Freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Ba mhinic a lean tábhacht an reiligiúin na himircigh freisin. Bhíodh teannas i gcúrsaí creidimh ina ghnáthchuid den saol dóibh siúd a chuaigh ar imirce go Glaschú nó Toronto. D'éirigh Éireannaigh ó chúlraí Protastúnacha an-chumhachtach i gCeanada. Ó 1867 go 1963, bhí ceathrar phríomh-aire ar Cheanada ina mbaill den Ord Oráiste (na Fir Bhuí).

Ba mhinic a chuir na húdaráis mórshiúlta Lá Fhéile Pádraig agus an Oird Oráistigh (12 Iúil) ar ceal mar thoradh ar an bhforéigean a bhris amach idir Caitlicigh agus Protastúnaigh ar an dá lá sin. I nGlaschú, chuir an dá phobal tús lena gclubanna sacair féin – Rangers (1872) agus Celtic (1887).



Ag obair le foinse físe

1. Cad iad na cosúlachtaí idir Éireannaigh agus ainmhithe, dar leis an ealaíontóir seo?
2. Cad iad na ceithre thionscal a luaitear sna cartúin thíos?
3. Cén dearcadh atá ag an ealaíontóir faoi Éireannaigh? Mínigh do fhreagra.
4. Ar fhág an t-ealaíontóir amach aon steiréitíopa, i do thuairim?

Ag filleadh ar an mbaile

Níor fhan gach Éireannach thar lear go lá a bháis áfach. Ba mhinic a chaith mná óga roinnt mhaith ama thar lear agus iad óg, ionas go mbeadh spré acu agus iad ag pósadh. D'fhill daoine eile ar an mbaile chun páirt níos gníomhaí a ghlacadh i ngluaiseacht an neamhspleáchais, m.sh. Tom Clarke, duine den seachtar a shínigh Forógra na Saoirse in 1916.



Léinte Celtic agus Rangers.

Ról an diaspóra Éireannaigh i saol an lae inniu

Deir níos mó ná 30 milliún duine i Meiriceá go bhfuil cúlra 'Gael-Mheiriceánach' acu, ina measc siúd ceathrar Uachtarán ar SAM, ar fhág a sinsir Éire i rith an Ghorta – John F. Kennedy, Ronald Reagan, Barack Obama agus Joe Biden. Bhí fuil Éireannach freisin i dtriúr Phríomh-Aire sa Bhreatain – Margaret Thatcher, John Major agus Tony Blair. Tá baill de dhiaspóra na hÉireann le fáil i ngach réimse de shaol an cheoil – ón amhránaí Ed Sheeran go dtí an veidhleadóir Nigel Kennedy. Bhain an bainisteoir sacair Jack Charlton úsáid an-éifeachtach as 'riail na seanmháthar' nuair a bhí foireann láidir sacair á forbairt aige ag deireadh na 80idí – bhí blas láidir Sasanach ar chaint a bhformhór!

Focláir

- **ionas go mbeadh spré acu:** ***so that they would have a dowry***
- **SAM, Stáit Aontaithe Mheiriceá**
- **Tóstal Éireann 2013:** ***The Gathering***
- **ionad/ionaid oidhreachta:** ***heritage centre(s)***
- **Brú Ború i gCaiseal Mumhan:** ***Brú Ború Cashel***
- **Ionad Cuimhneacháin na nImirceach:** ***memorial centre***
- **tóir mhór ar x:** ***great demand for x***
- **Dún Fionnachaidh:** ***Dunfanaghy***

Ag tacú le diaspóra na hÉireann

Eagraíodh imeachtaí ar fud na hÉireann sa bhliain 2013 mar chuid de 'Tóstál Éireann 2013', chun an diaspóra a mhealladh ar ais go hÉirinn, go háirithe na daoine a bhí ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil faoina sinsir. Is mar thoradh air sin a bhfuil tóir mhór ar ionaid oidhreachta ar fud na tíre, m.sh. Brú Ború i gCaiseal Mumhan nó Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna, Conamara.


John F. Kennedy

Litreacha ó Imircigh

Cuireann cartlann dhigiteach IMIRCE na mílte litir, a scríobh imircigh i Meiriceá abhaile go hÉirinn, ar fáil don phobal. Is féidir litreacha ó do cheantar féin a chuardach ag an nasc seo:
https://imirce.universityofgalway.ie/p/ms/search

Ionaid oidhreachta

Na difríochtaí is mó idir iarsmalann agus ionad oidhreachta

	Iarsmalann	Ionad oidhreachta
Suíomh	D'fhéadfadh iarsmalann a bheith in aon áit, m.sh. tá Ard-Mhúsaem na hÉireann i mBaile Átha Cliath, lán de dhéantáin ó gach cearn den tír, ní ó Bhaile Átha Cliath amháin.	Suite go minic san áit ar tharla na heachtraí a bhfuil cur síos orthu m.sh. tá Ionad Oidhreachta Dhún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall, san fhoirgneamh ina mbíodh teach na mbocht in aimsir an Ghorta.

Fócas	Dírithe ar dhéantáin/ dhéantúsáin. An príomhról atá ag iarsmalann ná na déantáin a chaomhnú agus taighde a dhéanamh orthu. Tagann cuairteoirí chun féachaint orthu freisin. Go minic bíonn iarsmalanna dírithe ar stair náisiúnta.	Dírithe ar dhaoine agus ar a dtuiscint ar an stair. Seans nach mbíonn an líon céanna déantán ann agus atá in iarsmalann. Bíonn taispeántais ann, ina mbíonn daoine ábalta lámh a chur ar mhúnlaí agus ar fhrapaí. Beidh béim ar scéalta chun cuairteoirí a chur ar an eolas, m.sh. in Ionad Oidhreachta Dhún Fionnachaidh, féachtar ar an saol a bhí ag cailín amháin – Wee Hannah- chun tuiscint níos fearr a fháil ar an nGorta sa cheantar. Go minic, bíonn ionad oidhreachta dírithe ar stair áitiúil agus ar stair teaghlach. Díríonn ionaid oidhreachta ar thurasóirí a mhealladh seachas ar dhéantáin a chaomhnú.

Tascanna duitse!

1. Téigh go dtí an suíomh https://diasporanagaeltachta.ie/ga/about/ Ar an leathanach 'Fúinn', téigh go bun an leathanaigh go bhfeicfidh tú na contaetha Gaeltachta. Roghnaigh ceantar Gaeltacht amháin, agus faigh eolas air faoi na ceannteidil seo a leanas:

   a) Cá ndeachaigh na himircigh?

   b) Cathain a d'fhág siad an ceantar?

   c) An bhfuil ionad (nó áit ar leith) sa cheantar sin, a bhfuil baint aige leis an imirce?

   d) Conas a dhéantar iarracht oidhreacht agus turasóireacht a nascadh le chéile?

2. Déan liosta de dheichniúr cáiliúla, nach luaitear sa chaibidil seo, a bhfuil fuil Éireannach iontu. Déan comparáid idir do liosta agus liosta an duine atá suite in aice leat.

Comóradh

I gcaibidlí roimhe seo, thugamar sracfhéachaint ar chomóradh. Sa chaibidil seo, táimid chun comóradh a phlé níos mine.

Cad é Comóradh? Ceiliúradh ar dhaoine nó ar imeachtaí a tharla sa stair atá i gceist le comóradh. Is minic a bhí na daoine nó imeachtaí sin eisceachtúil agus ba chúis le mórathrú iad. Spreagtar daoine chun níos mó a fhoghlaim faoin imeacht/faoi na daoine atá á gcomóradh. Amanna eile, spreagann comóradh bród, meas agus ómós. Léiríonn comóradh náisiúnta luachanna náisiúnta. Déantar comóradh ar chúiseanna éagsúla, m.sh. laoch a cheiliúradh nó ómós a léiriú do dhaoine a fuair bás i gcogadh nó chun pobal a thabhairt le chéile. Tá sé tábhachtach comóradh a dhéanamh ionas gur féidir linn foghlaim ón stair.

Cén chuma a bhíonn ar chomóradh? Is féidir ár rogha rud a chur sa chomóradh, m.sh. athachtú, searmanas, ceolchoirm, múrmhaisiú, dealbh, leabhrán, gairdín cuimhneacháin agus fiú t-léinte! Uaireanta, eagraítear lá faoi leith nó sraith imeachtaí nó taispeántas speisialta le haghaidh comóradh náisiúnta.

Cén fáth a mbíonn comóradh conspóideach? Uaireanta, bíonn comóradh conspóideach mar go mbíonn laochra difriúla ag daoine ag amanna éagsúla. Bíonn luachanna éagsúla ag daoine freisin, m.sh. ar feadh i bhfad, ní dhearnadh comóradh ar mhná sa stair, anois déantar. Baineann foréigean le go leor imeachtaí sa stair, m.sh. an Chéad Chogadh Domhanda. Nuair a dhéantar comóradh ar imeachtaí foréigneacha, is gá atmaisféar oiriúnach a chruthú sa chomóradh, m.sh. nóiméad ciúnais.

Comóradh ar an nGorta Mór

Déanann pobail áitiúla agus an rialtas comóradh ar an ngorta go bliantúil, nuair a bhíonn seachtain imeachtaí roimh Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir ar siúl i mí Bealtaine. De ghnáth, freastalaíonn polaiteoirí na tíre ar shearmanas agus tugann an tUachtarán óráid. Leagtar fleasc, seinntear ceol agus craoltar an t-imeacht ar an teilifís. Tá samplaí eile den chomóradh a dhéantar ar an nGorta Mór sna híomhánna thíos.

Foclóir

- eisceachtúil/eisceachtúla: *exceptional*
- ómós: *reverence*
- athachtú: *reenactment*
- searmanas: *ceremony*
- múrmhaisiú: *mural*
- dealbh: *statue*
- taispeántas: *exhibition*
- leabhrán: *booklet*
- gairdín cuimhneacháin: *memorial garden*
- conspóideach: *controversial*
- luach/luachanna: *value(s)*
- foréigean: *violence*



Dealbha de dhaoine ocracha i rith an Ghorta Mhóir ar na céanna i mBaile Átha Cliath.



Bothán in Manhattan, Nua-Eabhrac, a tógadh idir 2001 agus 2002 chun comóradh a dhéanamh ar an nGorta Mór. Úsáideadh cloch as gach contae in Éirinn chun an bothán a thógáil. Chónaigh na feirmeoirí tionóntacha beaga i mbothán mar sin.



Cros ag comóradh an Ghorta Mhóir i nDumha Locha i gContae Mhaigh Eo. Bíonn siúlóid chomórtha ann i mí Bealtaine gach bliain in ómós do na daoine a cailleadh ann. Leanann an tsiúlóid na céimeanna a shiúil na céadta ar an 31ú Márta 1847. Dúradh leo siúl ó Chluain Cearbán, tríd an gceantar seo, chuig Delphi, chun bia nó ticéad a fháil. Nuair a shroich siad Delphi, diúltaíodh bia agus ticéad do theach na mbocht dóibh. Siúlóid 19 gciliméadar a bhí ann agus an aimsir go dona. Anuas air sin, bhí na daoine lag le hocras. Fuair mórán acu bás in aice an locha.

Foclóir

- an fhleasc: *the wreath*
- Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta: *National Famine Memorial Day*
- an óráid: *the speech*
- craoltar x (briathar saor aimsir láithreach, craol): *x is broadcast*



Saothar, 'Kindred Spirits' ag comóradh an Ghorta Mhóir i Mainistir na Corann, Contae Chorcaí. Seasann sé in ómós don airgead a thug Náisiún na Seactách, Dúchasaigh Mheiriceánacha, do mhuintir na hÉireann. Bhí stair mhuintir na Seactách cosúil le stair mhuintir na hÉireann, mar chuir rialtas Mheiriceá iachall orthu a dtalamh dúchais a fhágáil agus dul chun cónaithe i bhfad i gcéin, tamall roimh an nGorta Mór in Éirinn.

Foclóir

Mainistir na Corann: *Midleton*
in ómós do: *in honour of*
náisiún na Seactách: *the Choctaw nation*
chuir X iachall orthu: *X forced them*
tearmann rialtais: *government reservation*

Tasc Duitse!

A Bain úsáid as na naisc seo chun na ceisteanna thíos a fhreagairt:
https://irishfaminememorials.com/
https://commemoratingfamine.files.wordpress.com/2014/01/summary-guide1.pdf

1 Cad é an dealbh is gaire duitse a dhéanann comóradh ar an nGorta Mór?
2 Déan liosta de na tíortha eile a chomórann Gorta Mór na hÉireann le dealbha.
3 Cén lá a dhéanfar comóradh ar an nGorta Mór i mbliana?

B Roghnaigh gné den Ghorta Mór chun comóradh a dhéanamh uirthi, mar shampla, bothán coiteora, teach na mbocht, longa báis, duine a chabhraigh, nó aon ghné eile.

1 Roghnaigh ceann acu seo a leanas chun an comóradh a dhéanamh: athachtú, amhrán a chumadh, searmanas, ceolchoirm, múrmhaisiú, dealbh, leabhrán, gairdín cuimhneacháin, lá nó sraith imeachtaí, taispeántas speisialta, nó aon rud eile oiriúnach.
2 Cad iad na mothúcháin atá tú ag iarraidh a spreagadh? Cuir plean le chéile don chomóradh, mar shampla, cá háit, cén uair, lucht féachana, laistigh nó lasmuigh, beo nó ar líne?



Bileog Oibre

Dul Siar


Cuid 1: Tarraing an tábla thíos i do chóipleabhar. Cuir línte breise leis agus cuir na frásaí cuí sna colúin chearta.

Cúiseanna	Cúrsa	Iarmhairtí

Frásaí: An dúchan, scéim Earl Grey, scaipeadh ceol agus rince Gaelach, meath na Gaeilge, meath an phobail, bromastún Peel, fás an daonra, Acht na nEastát Fiachbháite, fuath do rialú na Breataine, 90% de thalamh talmhaíochta ag mionlach Protastúnach, súparachas, athruithe á lorg ar úinéireacht na talún, Diaspóra Éireannach, laissez-faire, rialú na Breataine, talamh roinnte go cothrom idir na mic, spleáchas ar an bpráta, athruithe san fheirmeoireacht, an talamh ar fad ag an mac ba shine, imirce, tithe anraith.

Cuid 2: Daonra na hÉireann agus an Gorta Mór

Tá an graf ar an gcéad leathanach eile bunaithe ar eolas ó dhaonáirimh in Éirinn idir 1841 agus 2022. Sa ghraf, léirítear daonra na 26 contae sna blianta 1841-1911. Nuair a chuirtear daonra ó na 6 chontae san áireamh freisin, feictear go raibh daonra de 8.5 milliún duine ar oileán na hÉireann roimh an nGorta.



Féach ar an ngraf agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén daonra a bhí ag na 26 contae sa bhliain 1841?
2. Má bhí 8,500,000 duine ar oileán na hÉireann roimh an ngorta, cé mhéad duine a bhí sna 6 chontae roimh an ngorta?
3. Cén difríocht atá idir daonra na bliana 1841 agus daonra na bliana 1851?
4. Idir na blianta 1841 agus 1911, cé chomh minic is a eagraíodh daonáireamh?
5. Cé mhéad bliain atá idir daonáireamh 1911 agus 1926? Cén fáth, an gceapann tú?
6. 10 mbliana tábhachtacha ar oileán na hÉireann ab ea na 1960idí. Cén bhliain a bhí daonra na hÉireann ag an leibhéal ab ísle?
7. Cén bhliain a thosaigh daonra na hÉireann ag fás arís?
8. Den chéad uair ó aimsir an Ghorta Mhóir, sháraigh daonra na hÉireann 5 mhilliún duine sa bhliain 2022. Cé mhéad bliain atá idir 1841 agus 2022?
9. Ón staidéar atá déanta agat ar an ngraf seo, an gceapann tú go raibh iarmhairt fhadtéarmach nó iarmhairt ghearrthéarmach ag an nGorta Mór ar dhaonra na hÉireann? Mínigh do fhreagra.
10. An foinse phríomha nó foinse thánaisteach é daonáireamh?
11. Cén saghas fianaise é daonáireamh: fianaise scríofa, cluasfhianaise, fianaise thadhlach, fianaise ó bhéal nó fianaise físe?
12. An foinse phríomha nó foinse thánaisteach é an graf seo?
13. Cén saghas fianaise é graf: fianaise scríofa, cluasfhianaise, fianaise thadhlach, fianaise ó bhéal nó fianaise físe?
14. An bhfuil graif mar sin thuas úsáideach don staraí? Mínigh do fhreagra.

Cuid 3: Amhrán na bPrátaí Dubha

Chum Máire Ní Dhroma an t-amhrán seo i rith an Ghorta. Ba as Rinn Ó gCuanach i gContae Phort Láirge di. Seo cuid de véarsaí an amhráin. Léigh iad agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo.



Máire Ní Dhroma: dealbh i Reilig an tSléibhe.



An bealach isteach chuig Reilig an tSléibhe.

Véarsa: 1

*Na prátaí dubha do dhein ár gcomharsana**
a scaipeadh orainn,
Do chuir sa phoorhouse iad is anonn thar farraige;
I Reilig an tSléibhe tá na céadta acu treascartha**
Is uaisle na bhflaitheas go ngabhaid a bpáirt.*

scaip tíortha eile galar na bprátaí orainn
Reilig an tSléibhe: reilig i Rinn Ó gCuanach
treascartha: tite (*fallen*)
is uaisle na bhflaitheas (*and the noble people of heaven*)
go ngabhad a bpáirt: go n-éiste Dia lena nguí

Ceisteanna

1 Cé a chum an t-amhrán thuas?
2 Cén fáth a bhfuil dath dubh ar na prátaí, dar leat?
3 De réir véarsa 1, cá ndeachaigh na daoine nuair a d'éirigh na prátaí dubh?
4 Cén fáth nár aistrigh an cumadóir an focal 'poorhouse' go Gaeilge, dar leat?
5 Cé mhéad duine a cuireadh i Reilig an tSléibhe?

Véarsa 2:

A Dhia na Glóire fóir agus freagair sinn,*
Scaoil ár nglasa agus réidh ár gcás*,*
Is an bheatha arís ó Do Chroí go gcasair orainn,*
Is an poorhouse go leagair anuas ar lár.*

fóir: cuidigh linn
scaoil ár nglasa: scaoil an ceangal atá orainn
réidh ár gcás: réitigh ár ndeacracht
Is an bheatha arís ó Do Chroí go gcasair orainn: go dtaga beatha chugainn arís
go leagair anuas ar lár: leag teach na mbocht go talamh

6 An gceapann an cumadóir gur cabhair é teach na mbocht? Mínigh do fhreagra.

Véarsa 3:

*Tá na bochta so Éireann ag plé leis an ainnise**
Buairt is anacair is pianta báis,
Leanaí bochta ag béiceadh is ag screadadh gach maidin,
Ocras fada orthu is gan dada le fáil.

an ainnise: ocras, droch-chaoi
anacair: míchompord

7 Cé na daoine atá ag fulaingt, de réir an véarsa seo?
8 Cén fáth a bhfuil na leanaí ag béicíl?

Véarsa 4: *Ní hé Día a cheap riamh an obair seo*,* *Daoine bochta a chur le fuacht is le fán,* *Iad a chur sa phoorhouse go dubhach is glas orthu,* *Lánúineacha pósta is iad scartha go bás.* 9 An gceapann an cumadóir gur pionós ó Dhia é an gorta? 10 Cén t-eolas atá le fáil sa véarsa seo faoi thithe na mbocht?	Ní hé Dia a cheap an obair seo: Ní Dia is cúis lenár gcás le fán: ar seachrán, ar strae go dubhach: faoi bhrón lánúineacha pósta (*married couples*)
Véarsa 5: *Na leanaí óga thógfaidís suas le macnas** *Sciobtaí uathu iad gan trua gan taise* dhóibh:* *Ar bheagán lóin ach súp na hainnise* *Gan máthair le freagairt dibh dá bhfaighidís bás.* 11 Cén t-eolas atá le fáil sa véarsa seo faoi thithe na mbocht? 12 An gceapann tú go raibh fonn ar na daoine bochta dul chuig teach na mbocht?	le macnas: le fonn gan taise: gan trua
Véarsa 6: *Nach trua móruaisle go bhfuil mórán coda* acu* *Ag íoc as an obair seo le Rí na nGrás;* *Fearaibh bochta an tsaoil* seo ná fuair riamh aon saibhreas* *Ach ag síorobair dóibh ó aois go bás.* 13 Cé na daoine a bhfuil an milleán orthu mar gheall ar fhulaingt na ndaoine bochta, dar leis an gcumadóir? 14 Cén saghas foinse é amhrán mar seo: foinse phríomha nó foinse thánaisteach? Mínigh do fhreagra. 15 Cén saghas fianaise é amhrán mar seo: fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise thadhlach nó fianaise scríofa? 16 Tugann amhráin eolas tábhachtach don staraí. Sa liosta thíos, cuir ciorcal timpeall ar na saghsanna eolais a thugann an t-amhrán seo dúinn faoin nGorta Mór. Eolas faoin nGorta san Eoraip Eolas faoi pharlaimint Westminster Eolas faoi bhia sláintiúil Eolas faoi mheon na ndaoine bochta Eolas faoi ghnó agus trádáil Eolas faoi chogaí Eolas faoi scoileanna Eolas faoi theaghlaigh Eolas faoi smaointe chainteoirí Gaeilge Eolas faoi chaithimh aimsire na ndaoine Eolas faoi chúiseanna agus cúrsa an Ghorta Mhóir	mórán coda: go leor bia Rí na nGrás: Dia ag síorobair: ag obair i gcónaí fearaibh bochta: fir bhochta



Bileog Oibre

Cúrsa an Ghorta trí shúile an phobail

Foinse A: Is sliocht é seo thíos as dán a scríobh Brian Ó Tumaltaigh, fear as Droichead Átha i gContae Lú, sa bhliain 1845 nuair a bhí sé i gceist ag an mBanríon Victoria teacht ar cuairt go hÉirinn. Tá simpliú agus caighdeánú déanta ar an litriú ón mbuntéacs.

Uch! A bhanríon mhín! Is gan aon duine lenár gcaoineadh, *Agus sinn creachta 'gus goínte 'gus scaipthe chun gach réigiún.* *Gan éadach, gan oídeas 'nár seachránaithe sclábhaithe* *(...) 's na mílte [ag] f'áil bháis trí anró sna críocha!*	creachta: briste gointe: gortaithe oideas: oideachas seachránaí (*wanderer*) seachránaithe slábhaithe (*wandering labourers*) anró: droch-chaoi sna críocha: sna tailte seo, ar an talamh seo

Foinse B: Eagarfhocal ón *Waterford Chronicle*, 10 Nollaig 1845.

'The cry of the failure of the potato crop is not exaggerated. That failure, will, inevitably, make itself understood before next summer. It is perfectly useless for the landlords to conceal this deficiency – it will, like a murder, come out in its own time. And when it will come, woe to those who have laughed at the approaching evils. […] We do not say this from an opposition to the welfare of the landlords – we respect all the gradations of society – we are no levellers – but this we say – that famine is a true leveller – it is no respecter of persons or property and comfortable men should look to it.'

Foinse C: Iontráil dialainne Elizabeth Smith i mí Eanáir 1847 agus í ag cur síos ar iníon na Baintrí Uí Chuinn, bean a bhí ina tionónta aici i mBailte Bhuí, Co. Chill Mhantáin:

They [Widow Quin's daughter and son-in-law] live in the mother's [Widow Quin's] cowhouse where she had no right to put them and thus settle a whole family of beggars upon us, but we did not look after things then as we have learned to do now. It is the most wretched abode imaginable, without window or fireplace; mud for the floor, neither water nor weather-tight, nor scarce a door, all black with smoke, no furniture scarcely. They have no business where they are, the man not belonging to Baltiboys [Bailte Bhuí], but there they are through our negligence so we must take care of them for the present.

Foinse D: Cuntas ar 1847 a scríobh Mícheál Ó Raghallaigh, fear a raibh cónaí air in iarthar Chontae an Chláir. Tá simpliú agus caighdeánú déanta ar an litriú ón mbuntéacs.

AD 1847. Bliain an Ghorta is an Riachtanais. Óir do scrios an ghaothrú bláth agus gasa na bpotátaí ionas gur lobh siad uile. Ní raibh potátaí le baint as talamh ag aon duine mar ba ghnáth blianta eile. Ní raibh an coirce chomh maith mar ba ghnáth, ná an mhín. Dá bhrí sin bhí gorta is riachtanais ar gach aon duine sa ríocht agus tháinig iliomad míne is arbhair go hÉirinn as America agus as ríochta eile. D'éag mórán de na daoine i ngach áit sa ríocht. Fiabhras agus tinneas coirp a tháinig orthu de bharr an ocrais agus is leis a d'éag na daoine sa tír seo. Thit breis is míle duine sa pharóiste seo ar feadh trí mhí.	an Riachtanas (*necessity*) Óir do scrios: mar gur scrios gaothrú: gaoth gasa (*stems*) na potátaí: na prátaí le baint (*to harvest*) mín (*meal*) coirce (*oats*) éag: básaigh ar feadh: in úsáid anseo in ionad 'i rith'

1. Léigh siar ar na foinsí arís – cé acu ceann an t-aon cheann atá scríofa ó dhearcadh an tiarna talún?
2. Cén cur síos a dhéantar ar mhuintir na hÉireann i bhfoinse A? Tabhair trí phíosa eolais.
3. An bhfuil léiriú dearfach i leith tiarnaí talún i bhfoinse B? Mínigh do fhreagra.
4. I measc na lochtanna is mó a chuirtear ar an áit chónaithe, cad é an ceann is mó a sheasann amach duitse? Mínigh do fhreagra.
5. Seachas prátaí, tabhair dhá bharr eile a luann Mícheál Ó Raghallaigh ina chuntas.
6. Cén dá thinneas a luann Ó Raghallaigh agus cad ba chúis leo?
7. I measc na gceithre fhoinse seo, cad é an ceann is úsáidí duitse agus tú ag foghlaim faoin nGorta? Tabhair dhá chúis le do fhreagra.
8. Conas a d'fhéadfá tuilleadh eolais a fháil faoi na heachtraí seo?



Bileog Oibre

Taighde ar an Imirce agus an diaspóra Éireannach i mo theaghlach

Dúshlán Duitse! Labhair le do theaghlach agus fiafraigh díobh faoin imirce i do theaghlach. Úsáid na ceisteanna thíos mar threoir.

1. An ndeachaigh mórán daoine i do theaghlach ar imirce?
2. Cathain a d'imigh siad?

sna 1830idí	le linn an Ghorta	1800idí déanacha	tar éis an Chogaidh Chathartha	
sna 1930idí	sna 1950idí	sna 1960idí	sna 1980idí	sa 21ú aois

3. Cá ndeachaigh siad?
4. Conas ar thaistil siad ann? Ar léarscáil, léirigh a dturas agus an áit ar lonnaigh siad.
5. An raibh aon fhadhb le sárú acu ar an turas?
6. Cén saghas oibre a rinne siad?

obair mar shearbhónta	glantóireacht	banaltracht	múinteoireacht	obair thógála	briogáid dóiteáin
mianadóireacht	feirmeoireacht	póilíneacht	post san arm	obair eile	feighlí leanaí

7. An bhfuil teagmháil ag an teaghlach leo go fóill?
8. An úsáidtear teicneolaíochtaí nua don teagmháil sin? Cén teicneolaíocht?
9. An bhfuil aon fhoinse phríomha agaibh a bhaineann leo nó leis an turas? (litreacha/grianghraf/ticéad loinge agus araile)
10. Cad iad na fadhbanna a bhí le sárú acu ina dtír nua? (Teanga dhifriúil? Meon frithÉireannach/Ciníochas? Bochtaineacht? Uaigneas?)
11. Aon eolas suimiúil eile? (mar shampla, an bhfaca siad aon imeachtaí stairiúla ag tarlú ina dtíortha nua?)